

Gníomhaíochtaí Éisteachta

Gnáthlaethanta

Frank

Léigh an sliocht seo a leanas leis an duine atá in aice leat.

Is mise Frank agus tá mé pósta le Sorcha. Tiomáineann Sorcha mé go dtí an obair agus ansin déanann sí an tsiopadóireacht díreach ina dhiaidh sin ag timpeall ceathrú tar éis a naoi. Ólann sí cupán tae nuair a bhíonn sí sa bhaile, ag a haon déag. Glanann sí an teach agus ansin déanann sí an dinnéar do na páistí timpeall a trí a chlog.

1. Píoc amach na briathra ón sliocht seo.

An dtuigeann tú an difríocht idir **Tiomáinim** agus **Tiomáineann**?

2. Scríobh cúpla abairt faoi do ghnáth-Shatharn sa bhosca thíos ag baint úsáid as na briathra a roghnaigh tú ón script.

Mar shampla: **Déanaim an tsiopadóireacht ag a haon a chlog**

3. Léigh d'abairtí amach os ard don duine atá in aice leat. Éist go géar le do pháirtneir chomh maith, beidh ort cur síos a dhéanamh ar a ghnáth-Shatharn don mhúinteoir!

Ceisteanna

1. An ndéanann tú an tsiopadóireacht gach maidin?
2. An ólann tú cupán tae ag a haon déag a chlog?
3. An nglanann tú an teach gach lá?
4. An ndéanann tú dinnéar ag a sé a chlog?